| **Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta (REAT)** | **Grúpa Forbartha Cruinniú 1**<br>**30 Meán Fómhair 2024**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| *Mír ar an gClár* | *Nótaí* |
| **Fáilte agus Cur in Aithne** | I ndiaidh ionduchtú mheithleacha forbartha Chuid 3 uile, chuir an cathaoirleach fáilte roimh bhaill mheitheal forbartha REAT. Thug an Feidhmeannas cur i láthair ar amlínte, comhthéacs agus an tuairisc ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath. |
| **Plé ar mholtaí ón tuairisc ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath** | Roinneadh an tsonraíocht reatha agus na moltaí ón tuairisc ar Chur i bhFeidhm Luath agus rinneadh plé orthu i gceithre ghrúpa bheaga. Cuireadh fáilte roimh na moltaí sa tuarascáil tríd is tríd. Cuimsíodh an méid a leanas sa phlé; cuspóir ALT1, cothromaíocht a fháil idir fairsinge agus tuiscint, athruithe ALT3, agus réimsí áirithe amhail Meaisín Turing, Castacht Algartaim, IS, Néalríomhaireacht, próisis sofhreagrúla agus chascáideacha chomh maith le huimhríocht dhénártha. |
| **Aistriú go dtí an teimpléad nua** | Tugadh forléargas ar an teimpléad nua d'ábhair athfhorbartha na hArdteistiméireachta. Déanfar an tsonraíocht reatha a aistriú, le hathruithe ar na snáitheanna foghlama agus an chéad chruinniú mar bhonn eolais fúthu, go dtí an teimpléad nua. |
| **Athmhachnamh agus na chéad chéimeanna eile** | **An Chéad Chruinniú Eile:** Dé Céadaoin, an 23 Deireadh Fómhair, 2024<br>Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach. Roinnfidh an Feidhmeannas an chéad dréacht den tsonraíocht athfhorbartha roimh an gcéad chruinniú eile. |